| Year/ Semester | Proposed Modules, Subject to Approval | Mandatory/ Elective | No. of Credits | Class hours per week |
|---|---|---|---|---|
| 1/1 | Seafood Processing and Culinary Practice | M | 5 | 4 |
| | Marine Tourism | M | 5 | 3 |

| Bliain/ Seimeastar | Modúil a mholtar, faoi réir a gceadaithe | Éigeantach/ Roghnach | Líon Creidiúintí | Uaireanta Ranga sa tSeachtain |
|---|---|---|---|---|
| 1/1 | Próiseáil Bhia Mara agus Cleachtas Cócaireachta | M | 5 | 4 |
| | Turasóireacht Mhuirí | M | 5 | 3 |

**FOR FURTHER INFORMATION:**

**Contact** Ciarán ó hAnnracháin, Head of Department of Hospitality & Tourism, Letterkenny Institute of Technology by

**E- Mail: ciaran.ohannrachain@lyit.ie**
**Telephone: (074) 9186603**

Facebook: www.facebook.com/lyit.tourism
Or
Contact Donna Mulligan, Admissions, School of Tourism (LyIT) by

E- Mail: donna.mulligan@lyit.ie
Telephone: (074) 9186613
Facebook: www.facebook.com/lyit.tourism

**LE hAGHAIDH TUILLEADH EOLAIS:**

**Déan teagmháil le** Ciarán ó hAnnracháin, Ceann na Roinne Aíochta & Turasóireachta, Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn trí

**R-Phost:ciaran.ohannrachain@lyit.ie**
**Teileafón: (074) 9186603**

Facebook:www.facebook.com/lyit.tourism
Nó
Déan teagmháil le Donna Mulligan, Iontrálacha, Scoil na Turasóireachta (ITLC) trí
R-Phost:donna.mulligan@lyit.ie
Teileafón: (074) 9186613
Facebook:www.facebook.com/lyit.tourism

Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

Department of Agriculture, Food and the Marine
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

lyit | Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn | Letterkenny Institute of Technology

Údarás na Gaeltachta



# Donegal

## Atlantic Coastal Trail
## Bealach Chósta Atlantach

Certificate in Marine Tourism and Seafood Fundamentals
Teastas i dTurasóireacht Mhuirí agus i mBuneolas an Bhia



## Certificate in Marine Tourism and Seafood Fundamentals

Donegal's Atlantic Coastal Trail is an innovative food and marine tourism project focused on marine leisure and seafood experiences, which will advance rural, coastal and island economic development in County Donegal. This programme has been developed as a Level 6 Special Purpose Award by LYIT's School of Tourism in collaboration with Donegal County Council and Údarás na Gaeltachta. The programme forms part of a larger 'Donegal Atlantic Coastal Trail Project'. The project is funded under the Department of Agriculture, Food and the Marine Commission for the Economic Development of Rural Areas scheme (CEDRA), Donegal County Council and Údarás na Gaeltachta.

### Is this Programme for Me?

The programme has been developed to assist owners and employees of all types of tourism enterprises located in County Donegal. If you are interested in seafood and marine/coastal tourism and wish to gain a greater understanding of these areas, this programme is designed for you.

### Minimum Academic Entry Requirements

Applicants must have achieved 5 Ordinary Level D3 in the Leaving Certificate, including English or Irish (in 2017 these will become 5 O6/H7 grades), Full QQI Level 5 Award in any
discipline or equivalent or Recognition of Prior Experiential Learning (RPEL) or mature students over 23.

### What will I study?

The programme will be delivered at LYIT's the School of Tourism, Killybegs Campus. The modules will be delivered by LYIT staff, in conjunction with a panel of guest lecturers, via lectures, seminars, workshops familiarisation visits and excursions.

### Progression

On successful completion of this programme, learners will be able to apply for exemptions from related modules on the BA Hospitality and Tourism (Common Entry) and BA Culinary Arts or other similar programmes offered by the School of Tourism.

### Career Opportunities

This programme specialises in developing skills and competencies across areas pertaining to seafood processing and marine tourism, with particular reference to operating a tourism related business in costal/rural location. Specifically, graduates of this programme will have
developed key skills which can be used in a variety of tourism enterprises including seafood production, hotels, restaurants, bars and tourism activity providers related to a wide range of
marine tourism activities.

### How do I apply?

Application should be made directly to the School of Tourism. Completed Applications should be returned to:

**Admissions, School of Tourism (LYIT), Shore Road, Killybegs, Co Donegal, F94 DV52**
**Tel No (074) 9186600 Fax No (074) 9186601**



| Programme Title | Certificate in Marine Tourism and Seafood Fundamentals |
|---|---|
| Duration | One Semester (one day per week- Wednesdays - Jan to May 2017) |
| National Framework of Qualifications Level | 6 |
| Award Type | Special Purpose Award |
| Awarding Body | Letterkenny Institute of Technology |
| Cost | The programme is fully funded with no cost to the applicant |

## Teastas i dTurasóireacht Mhuirí agus i mBuneolas an Bhia

Tionscadal nuálaíoch bia agus turasóireacht mhuirí is ea é Slí an Atlantaigh Fhiáin Dhún na nGall a dhíríonn ar fhóillíocht mhuirí agus ar eispéiris bhia mara, a chuirfidh borradh faoi fhorbairt gheilleagrach na tuaithe, an chósta agus na n-oileán i gContae Dhún na nGall. Forbraíodh an clár seo mar Ghradam Sainchuspóra Leibhéal 6 ag Scoil Turasóireachta ITLC i gcomhar le Comhairle Contae Dhún na nGall agus le hÚdarás na Gaeltachta. Tá an clár ina chuid de chlár is mó mar atá 'Tionscadal Shlí an Atlantaigh Fhiáin Dhún na nGall'. Tá an tionscadal á mhaoiniú faoi choimirce na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus scéim de chuid an Choimisiúin um Fhorbairt Gheilleagrach na gCeantar Tuaithe (CFGCT), Comhairle Contae Dhún na nGall agus Údarás na Gaeltachta.

### An Clár Domsa é seo?

Is le cuidiú le húinéirí agus le fostaithe gach cineál fiontair turasóireachta atá lonnaithe i gContae Dhún na nGall a forbraíodh an clár. Más suim leat bia mara agus turasóireacht mhuirí/chois farraige agus más mian leat tuiscint níos fearr a fháil ar na réimsí sin, is duitse a dearadh an clár seo.

### Riachtanais Iontrála Acadúla Íosta

Ní mór d'iarrthóirí 5 Ghnáthleibhéal D3 a bheith gnóthaithe acu san Ardteistiméireacht, agus Béarla nó Gaeilge ina measc (in 2017 is é 5 ghrád G6/A7a bheas i gceist), Gradam Iomlán Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann Leibhéal 5 in aon disciplín nó a
chómhaith nó Aitheantas ar Réamhfhoghlaim ó Thaithí (RPEL) nó mic léinn aibí os cionn 23 bliain d'aois.

### Cad é a ndéanfaidh mé staidéar air?

Is ar Champas Scoil Turasóireachta an ITLC sna Cealla Beaga a thabharfar an clár.Is í foireann ITLC a thabharfaidh na modúil, i gcomhar le painéal d'aoiléachtóirí, trí léachtaí, seimineáir, ceardlanna, cuairteanna taithíochta agus turais.

### Dul chun cinn

Ach an clár seo a chríochnú go sásúil, beidh foghlaimeoirí ábalta cur isteach ar dhíolúintí ó mhodúil bhainteacha atá ar an BA in Aíocht agus Turasóireacht (Iontráil Chomónta) agus an BAin Ealaíona Cócaireachta nó cláir eile den chineál céanna a thairgeann Scoil na Turasóireachta.

### Deiseanna Gairme

Díríonn an clár go speisialta ar scileanna agus inniúlachtaí a fhorbairt thar réimsí a bhaineann le próiseáil bhia mara agus le turasóireacht mhuirí, agus béim ar leith ar ghnó a bhaineann le turasóireacht a reáchtáil in ionad cois farraige/faoin tuath. Le bheith beacht faoi, forbróidh céimithe an chláir seo príomhscileanna ar féidir iad a úsáid i bhfiontair turasóireachta éagsúla ina measc táirgeadh bia mara, óstáin, bialanna, beáir agus soláthróirí turasóireacht ghníomhaíochta a mbíonn baint acu le réimse leathan gníomhaíochtaí turasóireacht mhuirí.

### Cad é mar a chuirim iarratas isteach?

Ba chóir iarratas a chur díreach chuig Scoil na Turasóireachta. Ba chóir Iarratais Chomhlánaithe a sheoladh ar ais chuig:

**Iontrálacha, Scoil na Turasóireachta (ITLC), Bóthar na Trá, Na Cealla Beaga, Co Dhún na nGall, F94 DV52**
**Uimh. Theil. (074) 9186600 Uimh.Facs (074) 9186601**



| Teideal an Chláir | Teastas i dTurasóireacht Mhuirí agus i mBuneolas an Bhia Mhara |
|---|---|
| Fad | Seimeastar Amháin (lá amháin sa tseachtain - Dé Céadaoin, Eanáir-Bealtaine 2017) |
| Leibhéal ar Chreat Náisiúnta na gCailíochtaí | 6 |
| Cineál Gradaim | Gradam Sainchuspóra |
| Foras Dámhachtana | Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn |
| Costas | Tá maoiniú iomlán faighte ag an chlár agus níl costas ar bith ar iarrthóir |